COMHLACHAS
IDIR
AN tAONTAS EORPACH
AGUS MEIRICEÁ LÁIR

An Chomhairle Comhlachais

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**UE-AC 1952/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0202(NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | DRÉACHT-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS AGUS MEIRICEÁ LÁIR maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XVIII ("Tásca Geografacha faoi Chosaint") a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear an Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile |

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. […]/2022**
**ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS AGUS MEIRICEÁ LÁIR**

**an …**

**maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XVIII ('Tásca Geografacha faoi Chosaint') a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear an Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile**

AN CHOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS AGUS MEIRICEÁ LÁIR,

Ag féachaint don Chomhaontú lena mbunaítear an Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile, agus go háirithe Airteagal 247 de, de bharr an mhéid seo a leanas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Comhaontú lena mbunaítear an Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile (dá ngairtear "an Comhaontú" anseo feasta)[1] á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Lúnasa 2013 i leith Hondúras, Nicearagua agus Phanama, ón 1 Deireadh Fómhair 2013 i leith Chósta Ríce agus na Salvadóire, agus ón 1 Nollaig 2013 i leith Ghuatamala.

(2) In Airteagal 247 den Chomhaontú, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht tásca geografacha nua a chur le hIarscríbhinn XVIII ("Tásca Geografacha faoi Chosaint") a ghabhann leis an gComhaontú tar éis don nós imeachta agóide a bheith curtha i gcrích ina leith agus tar éis do na húdaráis inniúla náisiúnta nó réigiúnacha scrúdú a dhéanamh orthu go rathúil i gcomhréir leis na rialacha agus nósanna imeachta ábhartha thar ceann na Comhairle Comhlachais.

(3) An 2 Iúil 2020, chuir Cósta Ríce iarraidh faoi bhráid an Aontais chun tásc geografach nua amháin a chur le hIarscríbhinn XVIII (Tásca Geografacha faoi Chosaint) a ghabhann leis an gComhaontú de bhun Airteagal 247 den Chomhaontú. Tá an scrúdú ar thásc geografach nua Chósta Ríce agus an nós imeachta agóide ina leith, a foilsíodh an 6 Nollaig 2021[2], curtha i gcrích ag an Aontas.

(4) An 7 Meitheamh 2021, chuir an tSalvadóir iarraidh faoi bhráid an Aontais chun 10 dtásc geografach nua a chur le hIarscríbhinn XVIII (Tásca Geografacha faoi Chosaint) a ghabhann leis an gComhaontú de bhun Airteagal 247 den Chomhaontú. Tá an scrúdú ar thásca geografacha nua na Salvadóire agus an nós imeachta agóide ina leith, a foilsíodh an 28 Nollaig 2021[3], curtha i gcrích ag an Aontas.

(5) An 13 Meitheamh 2022, de bhun Airteagal 274(2) den Chomhaontú, chinn an Fochoiste um Maoin Intleachtúil, i gcruinniú comhpháirteach idir páirtithe an Aontais agus Mheiriceá Láir, tar éis measúnú a dhéanamh roimhe sin ar an bhfaisnéis a soláthraíodh i ndáil leis na tásca geografacha nua ó Chósta Ríce agus ón tSalvadóir, a mholadh don Chomhairle Comhlachais Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú dá réir.

(6) Tá sé de chumhacht ag an gComhairle Comhlachais an cinneadh a dhéanamh trí chomhaontú frithpháirteach i gcomhréir le hairteagal 11 dá Rialacha Nós Imeachta.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú mar a leagtar amach sa chinneadh seo,

---

[1] IO L 346, 15.12.2012, lch. 3.

[2] FÓGRA FAISNÉISE – COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ Tásca Geografacha ó Chósta Ríce atá le cosaint mar Thásca Geografacha san Aontas Eorpach, IO C 489, 6.12.2021, lch. 10.

[3] FÓGRA FAISNÉISE - COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ Tásca Geografacha ón tSalvadóir atá le cosaint mar Thásca Geografacha san Aontas Eorpach, IO C 522, 28.12.2021, lch. 20 agus Ceartúchán ar FHÓGRA FAISNÉISE - COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ Tásca Geografacha ón tSalvadóir atá le cosaint mar Thásca Geografacha san Aontas Eorpach, IO C 30, 20.1.2022, lch. 2.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Cuirtear na hiontrálacha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo leis an tábla i gCuid B d'Iarscríbhinn XVIII "Tásca Geografacha faoi Chosaint" a ghabhann leis an gComhaontú, mar a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 5/2014 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir[4].

*Airteagal 2*

Ionadaithe na Comhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir, ar ionadaithe iad atá údaraithe gníomhú thar ceann na bPáirtithe chun an Comhaontú a mhodhnú, déanfaidh siad an Cinneadh seo, arna dhéanamh i ndúblach, a shíniú.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón dáta is déanaí de na sínithe seo.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais*

*Thar ceann Pháirtí an Aontais Eorpaigh*

*Thar ceann Pháirtí Mheiriceá Láir,*

---

[4] Cinneadh Uimh. 5/2014 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 7 Samhain 2014 maidir leis na tásca geografacha atá le háireamh in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an gComhaontú,IO L 196, 24.7.2015, lch. 59.

IARSCRÍBHINN

| Tír | Ainm | Táirgí |
| --- | --- | --- |
| Cósta Ríce | Tarrazú | Caife |
| An tSalvadóir | Caifé Alotepec | Caife |
| An tSalvadóir | Café Bálsamo Quezaltepec | Caife |
| An tSalvadóir | Café Cacahuatique | Caife |
| An tSalvadóir | Café Chichontepec | Caife |
| An tSalvadóir | Café Tecapa Chinameca | Caife |
| An tSalvadóir | Camarón Bahía de Jiquilisco | Séacla |
| An tSalvadóir | Chaparro | Deoch bhiotáilleach dhriogtha ghránbhunaithe |
| An tSalvadóir | Jocote Barón Rojo San Lorenzo | Toradh úr |
| An tSalvadóir | Loroco San Lorenzo | Glasra úr |
| An tSalvadóir | Pupusa de Arroz de Olocuilta | Arán leathan tiubh gridille (tortilla) a dhéantar as rís |